

# Gaelscoil na Camóige

## Polasaí Frithbhulaíochta

1. I gcomhréir le riachtanais an Acht Oideachais (Leas) 2000 agus na dtreoirínte faoi chód iompair a d'eisigh an Bord Náisiúnta um Leas Oideachais tá an beartas frithbhulaíochta seo a leanas glactha ag Bord Bainistíochta Gaelscoil na Camóige mar chuid de chód iompair iomlán na scoile. Géilleann an beartas go huile agus go hiomlán do riachtanais *Ghnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile* a foilsíodh i Meán Fómhair 2013.
  
2. Aithníonn an Bord Bainistíochta a thromchúisí atá iompar bulaíochta agus a dhiúltaí a d'fhéadfadh a thionchar a bheith ar dhaltaí, agus geallann an scoil dá réir cloí leis na príomhphrionsabail dea-chleachtas seo a leanas agus iompar bulaíochta á chosc agus á chomhrac.
  - Cultúr dearfach a bheith i réim sa scoil:
    - ina nglactar go fonnmhar le difríocht agus le héagsúlacht agus ina léirítear meas ar chuimsitheacht;
    - ina spreagtar daltaí chun iompar bulaíochta a nochtadh agus a phlé i dtimpeallacht neamhbhagrach; agus
    - ina gcuirtear caidreamh bunaithe ar mheas chun cinn ar fud phobal na scoile;
  - Ceannaireacht éifeachtach;
  - Cur chuige scoile uile;
  - Tuiscint i bpáirt faoin rud is bulaíocht ann agus faoin tionchar is féidir a bheith aige
  - Feidhmiú straitéisí oideachais agus coiscithe (lena n-áirítear bearta chun feasacht a mhúscailt)
    - a chothaíonn ionbhá, meas agus athléimneacht sna daltaí; agus

# Gaelscoil na Camóige

○ ina dtéitear i ngleic go sainráite le cibearbhulaíocht agus le bulaíocht bunaithe ar aitheantas, lena n-áirítear bulaíocht homafóbach agus trasfóbach;

- Maoirseacht agus monatóireacht éifeachtach ar dhaltaí;
- Tacaíochtaí don fhoireann;
- Teagmhais bhulaíochta a thairfeadh agus a imscrúdú ar shlí chomhsheasmhach agus obair leantach a dhéanamh ina dtaobh (lena n-áirítear straitéisí aitheanta idirghabhála a úsáid); agus
- Meastóireacht leanúnach ar a éifeachtaí atá an beartas frithbhulaíochta.

**3.** I gcomhréir le *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile* seo é an sainmhíniú ar bhulaíocht:

An rud a thuigtear le bulaíocht ná iompar diúltach neamhiarrtha, bíodh sé i bhfoirm iompar briathartha, síceolaíoch nó fisiciúil, a dhéanann duine aonair nó grúpa in aghaidh duine nó daoine eile, agus a dhéantar arís agus arís eile.

Áirítear na cineálacha iompair bhulaíochta seo a leanas ar an sainmhíniú ar bhulaíocht:

- duine a fhágáil as an áireamh d'aon ghnó, gabháil do chúlchaint mhailíseach agus do chineálacha eile caidrimh bhulaíochta idir dhaoine;
- cibearbhulaíocht; agus
- bulaíocht bunaithe ar aitheantas, ar nós bulaíocht homafóbach, bulaíocht chiníoch, bulaíocht bunaithe ar bhallraíocht den Lucht Siúil agus bulaíocht ar dhuine faoi mhíchumas nó ar dhuine a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aici/aige.

Ní chuimsíonn an sainmhíniú seo ar bhulaíocht teagmhais aonraithe nó teagmhais aon uaire d'iompar diúltach d'aon turas, lena n-áirítear téacsteachtairacht mhaslach nó goilliúnach aon uaire nó teachtaireachtaí príobháideacha eile agus ba cheart déileáil leo, mar is cuí, de réir chód iompair na scoile.

Ach, i bhfianaise an bheartais seo, féachfar ar theachtairacht, íomhá nó ráiteas poiblí goilliúnach aon uaire ar shuíomh Gréasáin líonra poiblí nó ar fhóram poiblí eile ar féidir an teachtaireacht, an íomhá nó an ráiteas sin a fheiceáil air agus/nó a bheith athráite ag daoine eile mar iompar bhulaíochta.

# Gaelscoil na Camóige

Iompar diúltach nach n-áirítear sa sainmhíniú seo ar bhulaíocht, déileálfar leis de réir chód iompair na scoile.

Gheofar eolas breise ar na cineálacha éagsúla bulaíochta i Roinn 2 de na *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile*.

- 4.** Seo a leanas an múinteoir/na múinteoirí ábhartha a dhéanfaidh bulaíocht a imscrúdú agus a dhéileálfadh léi: (féach Roinn 6.8 de na *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile*):

1. An Múinteoir Ranga

2. An Príomhoide Tánaisteach- Eimear Billings

3. An Príomhoide- Aoife Ní Raghallaigh

4. An Bord Bainistíochta

- 5.** Seo a leanas na straitéisí oideachais agus coiscthe (lena n-áirítear straitéisí a bheidh dírithe go sonrach ar an gcibearbhulaíocht agus ar bhulaíocht bunaithe ar aitheantas, go háirithe bulaíocht homafóbach agus trasfóbach) a bheidh in úsáid sa scoil (Féach Roinn 6.5 de na *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile*):

Spreagann étós agus atmasféar na scoile meas, iontaibh, cúraim, machnamh agus tacaíocht do dhaoine eile.

Mar go múnlaíonn páistí a niompar féin ar an iompar a fheiceann siad ag daoine fásta tá an Príomhoide agus na múinteoirí an-cúramach bheith mar shampla maith do na páistí agus gan mí-úsáid a bhaint as an údarás atá againn.

Caithfimid a bheith daingean, soiléir agus comhsheasamhach agus sinn ag cur smacht ar na páistí. Is fearr linn modhanna atá bunaithe ar mhaithe le dea-iompar a spreagadh in ionad modhanna atá bunaithe ar bhagairt nó ar fhaitíos.

Nóta: D'fhéadfadh tionchar a bheith ag easaontaisí a bheadh a mbunús taobh amuigh den scoil ar mhinicíocht tharlaithe iompar bobaireach taobh istigh den scoil.

Tuarascálacha achoimre tréimhsiúla chuig an mBord Bainistíochta

# Gaelscoil na Camóige

Ní mór don Phríomhoide tuairisciú don Bhord Bhainistíochta uair sa téarma, ar a laghad, agus an t-eolas seo a leanas a sholáthar:

- . (i) líon iomlán na gcásanna bulaíochta a tuairiscíodh (ar an teimpléad taifeadta bulaíochta in Aghuisín 3) ó tuairiscíodh don Bhord an uair dheireanach agus
- . (ii) a dheimhniú gur déileáladh le gach cás ag (i) díobh, nó go bhfuiltear ag déileáil leo, de réir bheartas frithbhulaíochta na scoile agus de réir na nGnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile.

Ní mór an méid thuas a bheith taifeadta i miontuairiscí chruinniú an Bhoird Bhainistíochta ach níor cheart aon sonraí a thaifeadadh lena bhféadfaí na daltaí i dtrácht a shainaithint.

Tá Gaelscoil na Camóige, tiomnaithe ag eolais i leith bulaíochta a mhéadú sa pobal scoile againne sa chaoi is go bhfuilimid níos fairí ar an damáiste a dhéanann sé. Déanfar é seo trí:

\* . Polasaí Scoile agus abhair achmhainne a chuir ar fáil. An Polasaí seo a sheoladh ag tús gach scoilbliain go tuismitheoirí/ caomhnóirí.

\*. Cruinnithe agus cainteanna do thuismitheoirí / caomhnóirí más gá. (Eagraithe ag CAIRDE Coiste na dTuismitheoirí)

\*.Seachtain Cairdeas gach bliain.

\* Is féidir le cláracha ar nós “Bí Sábháilte” atá in úsáid sa scoil cheana féin, cabhrú le fadhb na bobaireachta a shárú.

\* Ceardlann FrithBhulaíochta a eagrú do ranganna más gá- go bliantúil le R5, R6-béim ar thacaíocht a chur ar fáil don bhulaí agus don íospartach.

\*Cuairt na nGardaí gach bliain go R5 & R6

\* Cúrsa inseirbhíse do mhúinteoirí ar ghnéithe éagsúla de iompair bulaíocht le eolais a mhéadú agus modhanna a fhorbairt len é a láimhseáil.

\*Tionól speisialta bunaithe ar Bhulaíocht uair sa Téarma

\*Bosca Buairt i ngach seomra ranga

\*Áiseanna ó Webwise a úsáid i rith Safer Internet Day agus ceachtanna do na hArdranganna

# Gaelscoil na Camóige

6. Seo a leanas straitéisí na scoile chun iompar bulaíochta a imscrúdú, chun obair leantach a dhéanamh ina dtaobh agus chun iompar bulaíochta a thaifeadadh mar aon leis na straitéisí idirghabhála bunaithe a úsáidfidh an scoil chun déileáil le cásanna d'iompar bulaíochta (Féach Roinn 6.8 de na *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile*):

## **Modhanna le Bulaíocht a thuairisciú agus cuntas a dhéanamh dó.**

1. Sa scoil seo tá “Cuntas Iompair Bulaíocht” againn, próiséis do sonrú agus tuairisciú aon iompar bulaíocht. Is cuid lárnach é seo de Chód Iompar na Scoile. Ba chóir go dtabharfadh an córas seo comhartha luath faoi aon dhroch-iompar nó athrú foinn ar pháiste sa scoil.
2. Ba chóir go ndéantar sonrú ar gach aon thuairisc bulaíochta is cuma cé chomh beag, go bhfiosrófar an scéal agus go dtagtar ag socrú faoi. Sa chaoi seo fásfaidh muinín na bpáistí sa tuairisciú. Tá an muinín seo fíor-thábhachtach. Usáidfidh an múinteoir an teimpléad chun iompar bulaíochta a thaifeadadh.
3. Ba chóir an Príomhoide a chur ar an eolas láithreach faoi aon chás bulaíochta.
4. Ba chóir tuismitheoirí / caomhnóirí an mbulaí nó na níobartach ar chuir ar an eolas luath go leor sa chaoi is gur féidir leo caint faoin bhfadhb. Tá siad ansin sa suíomh gur féidir leo cabhrú lena bpáiste sula bhfásann an cás ina fhadhb mór.
5. Is í / é an Múinteoir ranga an duine gur chóir go rachfadh tuismitheoirí / caomhnóirí chuige / chuici le fiosrú a dhéanamh faoi aon tarlú nó cás bulaíochta a thugadar faoi deara.
6. Ba chóir go ndéanfar soiléir do na páistí nach “insint scéalta” atá siad má insíonn siad faoi chás. Tá siad ag tógáil céim freagrach.
7. Ba cheart don Mhúinteoir ranga cás iompar bulaíocht a shonrú agus na céimeanna cuí a thógáil i dtuairisciú de réir an polasaí scoile agus an Cód Iompair.
8. Ba cheart go spreagfar an rúnaí, an feighlí agus an glantóir scoile tuairisciú ar aon iompar bulaíochta a thugann siad faoi deara nó a insítear dóibh faoi chuig an Múinteoir cuí.
9. Ba cheart go tógfar aon chás le Múinteoir i gceist chuig an Múinteoir sin i dtosach báire agus ina dhiaidh sin chuig an bpríomhoide.
10. Sa chás nach féidir teacht ar réiteach i gcás páiste nó Múinteoir caithfear an cás a chuir ar aghaidh go dtí Bord Bainistíochta na scoile.

# Gaelscoil na Camóige

11. Mura mbíonn aon réiteach le cás bulaíochta ag leibhéal an bhoird cuirfear na tuismitheoirí ar an eolas gur feidir leo é a chur ar aghaidh go dtí an Ombudsman do Pháistí.

## **Próiséis le Bobaireacht a Fhiosrú agus a Shocrú**

Is fearr do mhúinteoirí teacht ag cás bulaíochta ar bhealach séimh, réasúnta, fadhb-réitiúil nuair atá sé tuairiscithe ag dalta, foireann nó tuismitheoir / caomhnóir.

Is fearr an fiosrúcháin a dhéanamh taobh amuigh den seomra ranga sa chaoi is nach náireofar an íobartach nó an bulaí. In aon chás bulaíochta ba cheart don mhúinteoir labhairt go haonarach leis na daoine i gceist le dhá thaobh an scéil a fháil. Ba cheart bheith tuisceanach agus cearta na ndaltaí a thógáil san aireamh agus gach ceistiú / agallamh ar siúl. Is féidir le daltaí nach raibh go díreach páirteach, eolas a thabhairt ar an mbealach seo.

1. Agus ainilís á dhéanamh ar tharlú iompar bulaíochta faigh freagraí na gceisteanna cé, cá, cathain, cad agus cén fáth. Ba cheart é seo a dhéanamh ar bhealach ciúin socair, ag tabhairt sampla maith do na páistí gur féidir teacht ar réiteacht faidhbe ar bhealach síochánta.

2. Má tá grúpa daltaí i gceist ba cheart gach ball den ghrúpa a chuir faoi agallamh ina aonair agus ansin is ceart labhairt leis an ngrúpa le chéile sa chaoi is go bhfuil gach éinne soiléir ar a dúirt gach éinne eile.

3. Má tá sé socruithe go raibh páiste ag gabháil d'iompar bulaíochta ba cheart a dhéanamh soiléir dó / di nach bhfuil sé / sí ag cloí leis an gCód Iompar agus iarracht a dhéanamh féachaint ar rudaí ó thaobh an íobartaigh de.

4. Ba cheart cabhair a thabhairt do gach ball den ghrúpa deileáil leis an mbrú go bhféadfaí a bheith orthu ó na baill eile den ghrúpa tar éis agallamh leis an Múinteoir.

5. Is féidir leis an bPríomhoide Tánaisteach cabhrú leis an bhfiosrúcháin chun tacaíocht a thabhairt don Mhúinteoir Ranga. Tabharfaidh sé seo seans do gach páiste an iompair a athrú sula nglacann an Príomhóid ról gníomhach sa phróiseas.

6. Ba cheart go gcoinneodh Múinteoir cuntas scríofa de chomhráití a bhíonn acu agus iad ag fiosrú scéal bulaíochta. Bheadh sé cabhrach freisin b'fhéidir iarradh ar na daoine páirteach ann an méid a deir siad a scríobh síos comh maith.

7. Sa chás go bhfuil iompair bulaíocht cruthaithe is ceart bualadh le tuismitheoirí / caomhnóirí na ndaltaí i gceist agus a mhíniú dóibh faoina tharla, na céimeanna atá le tógáil, na fáthanna atá leo,

# Gaelscoil na Camóige

ag tagairt don pholasáí scoile. Labhair freisin leo faoi bhealaí gur féidir leo féin tacú leis an scoil.

8. Socraigh cruinniú idir an dá pháirtí i gceist am éigin más gá leis an dá pháirtí a thabhairt le chéile (má tá an íobartach réidh chuige). Is féidir tionchar dearfach a bheith ag a leithéidí seo.

**7.** Seo a leanas clár tacaíochta na scoile do dhaltáí a ndearnadh bulaíocht orthu: (Féach Roinn 6.8 de na *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile*):

Bíonn cabhair leanúnach ag teastáil uathu siúd a bhíonn ag gabháil d'iompar bulaíocht. Ba cheart deiseanna a bheith ar fáil dóibh siúd nach bhfuil mórán féinmheas acu é sin a bhfeabhsú. B'fhéidir go mbeadh idirghabháil sóisialta/mothúchánach/iompar curtha ar fáil dóibh siúd a bhíonn ag gabháil d'iompar bulaíocht le go bhfoghlaimeoidís bealaí eile iad féin a shásamh seachas a bheith ag cur isteach ar chearta daoine eile. D'fhéadfadh idirghabháil a bheith ag teastáil ó íobartaigh nó deiseanna lena féin-mhuinín a ardú agus lena scileanna le daoine eile agus a gcairdeasanna a láidriú..

Ba cheart spreagadh a thabhairt do dhaltáí a thugann iompar bulaíocht faoi dearadh labhairt faoi le Múinteoir. Cuirfear tacaíocht ar fáil dóibh siúd atá taréis bulaíocht a fheiceáil. Cuirfear Ceardlann Féin-mhuinín, Bainistíocht ar Mhothúcháin agus Féin mheas ar fáil, más gá.

Cuirfear cóip den pholasáí seo chuig gach páirtí lena mbaineann.

(1) Cuirfidh bainistíocht na scoile an polasáí seo chun cinn sa scoil go leanúnach le haird faoi leith ar pháistí nua sa scoil agus a dtuismitheoirí / caomhnóirí.

(2) Iarraimid comhoibriú gach éinne i gcur i bhfeidhm an pholasáí.

Déanfar maoirsiú agus meastóireacht ar an bpolasáí seo go rialta.

# Gaelscoil na Camóige

## 8. Maoirseacht agus Monatóireacht Éifeachtach ar Dhaltáí

Deimhníonn an Bord Bainistíochta go bhfuil beartais agus cleachtais chuí mhaoirseachta agus monatóireachta i bhfeidhm chun iompar bulaíochta a chosc agus chun déileáil leis agus chun idirghabháil luath a éascú más féidir.

## 9. An Ciapadh a Chosc

Deimhníonn an Bord Bainistíochta go ndéanfaidh an scoil, de réir a oibleagáidí faoin reachtaíocht chomhionannais, gach beart is indéanta go praiticiúil chun daltaí agus baill foirne a chosaint ar chiapadh gnéasach agus ar chiapadh ar aon cheann de na naoi bhforas, mar atá inscne lena n-áirítear trasinscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, treoshuíomh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine nó ballraíocht den Lucht Siúil.

10. Ghlac an Bord Bainistíochta an beartas seo an \_\_\_\_\_ [dáta].

11. Tá an beartas seo ar fáil do phearsanra na scoile, foilsíodh é ar shuíomh Gréasáin na scoile (nó mura bhfuil suíomh ag an scoil, tá sé ar fáil ar shlí eile do thuismitheoirí agus do dhaltáí ar iarratas) agus do Chumann na dTuismitheoirí (más ann dó). Cuirfear cóip den bheartas seo ar fáil don Roinn agus do phátrún na scoile má iarrtar é.

12. Athbhreithneoidh an Bord Bainistíochta an beartas agus a fheidhmiú uair amháin i ngach scoilbhliain. Cuirfear fógra scríofa gur athbhreithníodh beartas frithbhulaíochta na scoile ar fáil do phearsanra na scoile, foilseofar é ar shuíomh Gréasáin na scoile (nó mura bhfuil suíomh ag an scoil, cuirfear é ar fáil ar shlí eile do thuismitheoirí agus do dhaltáí ar iarratas) agus do Chumann na dTuismitheoirí (más ann dó). Cuirfear taifead den athbhreithniú agus a thoradh a chur ar fáil don phátrún agus don Roinn, leis, má iarrtar é.

# Gaelscoil na Camóige

Gheofar in Aguisín 4 leis na gnásanna seo seicliosta caighdeánach le húsáid le linn an athbhreithnithe sin.

Rinneamar athbhreithniú ar an bPolasaí Bobaireacht i Mí Meán Fómhair 2015.

Rinneamar athbhreithniú ar an bPolasaí Bobaireacht i Mí na Nollag 2016.

Sínithe: \_\_\_\_\_  
(Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta)

Síniú: \_\_\_\_\_  
(Príomhoide)

Dáta: \_\_\_\_\_

Dáta: \_\_\_\_\_

Dáta an chéad athbhreithnithe eile: \_\_\_\_\_